# DUILLEOG

**Nuachtlitir Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair**

Uimh. 38 | Cuimhneachán agus Comóradh ar 1916 | **An Cháisc 2016**

# Beannachtaí na Féile




Buíonta Ceoil Óige Ghaoth Dobhair ar Lá Fhéil Pádraig



## An Cháisc

Solas geal Dé chugat an Cháisc seo






Lus an Chromchinn

# Éigse Ula

D'éirigh go maith le Éigse 2016 ina raibh cuimhneamh agus comóradh á dhéanamh ar Éirí Amach 1916. Ba é an T.D. agus iar aire Éamonn Ó Cuív a rinne an fhoscailt. Ní seo an chead uair do a bheith páirteach in Éigse Uladh agus ár mbuíochas do. Chuir seó aonair Noel Uí Ghallchóir, Ó Pheann an Phiarsaigh go mór leis an oíche agus a thaitin sé go mór lena raibh i láthair. Ba é seo an dara léiriú a rinneadh air go háitiúil. Sár imeacht, Comhghairdeas le Noel. Bhí an óige an mhaith ag na drámaí oíche Dé Sathairn agus sár léiriú á dhéanamh acú ar thrí dhráma. Fuair an drama Tadhg Soineanta ainmniúcháin níos luaithe Dé hAoine go dtí an Fhéile Náisiúnta Drámaíochta a bheas ar siúl sa Mhuileann gCearr ag deireadh mhí Aibreáin. Comhghairdeas leo.




Bronnadh ar Éamonn Ó Cuiv












# dh 2016





Tadhg Soineanta





An Cór






Cúchulainn





Taibhsí 1916

# Lá Fhéil Pádraig

## Lá Fhéil Pádraig

Bhí lá ar dóigh i nGaoth Dobhair Lá Fhéil Pádraig. Bhí an aimsir breá agus na sluaite amuigh ag baint sult as imeachtaí an lae. Bhí cúig bhuíonn ceoil ann agus go leor daoine páirteach ionta idir shean agus óg. Comhghairdeas leo uilig agus le gach duine a ghlac páirt in imeachtaí an lae.



Donna agus Caitlín



Máire 'Jack Ned' Mhic Giolla Bhríde



Neansaí agus Pádraig





Breandán agus Sandra



Pól ag éirí in airde!

